Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 28 Aibreán 2021
(OR. en)

8140/21

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0236(COD)**

| | |
|---|---|
| CODEC 577 | MI 277 |
| ESPACE 36 | ENER 137 |
| RECH 168 | EMPL 164 |
| COMPET 280 | CSC 158 |
| IND 97 | CSCGNSS 5 |
| EU-GNSS 15 | CSDP/PSDC 204 |
| TRANS 234 | CFSP/PESC 412 |
| AVIATION 96 | CADREFIN 193 |
| MAR 68 | PE 29 |
| TELECOM 161 | |

**NÓTA FAISNÉISE**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | **GLACADH NA nGNÍOMHARTHA REACHTACHA TAR ÉIS AN DARA LÉAMH I bPARLAIMINT NA hEORPA**<br>Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear clár spáis an Aontais agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 912/2010, Rialachán (AE) Uimh. 1285/2013, Rialachán (AE) Uimh. 377/2014 agus Cinneadh 541/2014/AE<br>- An toradh ar an dara léamh i bParlaimint na hEorpa (An Bhruiséil, 26 go 29 Aibreán 2021) |

## I. VÓTÁIL

An 27 Aibreán 2021, dhearbhaigh Uachtarán Pharlaimint na hEorpa go raibh an seasamh ón gComhairle[1] ar an gcéad léamh formheasta gan aon leasú.

Tá téacs an rúin reachtaigh ó Pharlaimint na hEorpa i gceangal leis an nóta seo.

[1] 14312/1/20 REV1

## II. GLACADH NA nGNÍOMHARTHA REACHTACHA TAR ÉIS AN DARA LÉAMH I bPARLAIMINT NA hEORPA

Ós rud é gur fhormheas Parlaimint na hEorpa an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh gan aon leasú, measfar gur glacadh an gníomh atá i gceist san fhoclaíocht a fhreagraíonn don seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh, mar a fhoráiltear don mhéid sin in Airteagal 294(7)(a) CFAE.

Nuair a bheidh sé sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa, Uachtarán na Comhairle agus Ardrúnaithe an dá institiúid, foilseofar an gníomh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

# P9_TA(2021)0139

## Clár spáis 2021-2027 agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis ***II

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 27 Aibreán 2021 ar an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh d'fhonn go nglacfaí Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Clár Spáis an Aontais agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 912/2010, (AE) Uimh. 1285/2013 agus (AE) Uimh. 377/2014 agus Cinneadh 541/2014/AE (14312/1/2020 – C9-0140/2021 – 2018/0236(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an dara léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh (14312/1/2020 – C9-0140/2021),

– ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 17 Deireadh Fómhair 2018[2],

– ag féachaint do thuairim ó Choiste na Réigiún an 6 Nollaig 2018[3],

– ag féachaint dá seasamh ar an gcéad léamh[4] ar an togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2018)0447),

– ag féachaint d'Airteagal 294 (7) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint don chomhaontú sealadach a d'fhormheas an coiste freagrach faoi Riail 74(4) dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint do Riail 67 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don mholadh don dara léamh ón gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh (A9-0141/2021),

1. ag formheas an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh;

2. ag tabhairt dá haire go nglactar an gníomh i gcomhréir leis an seasamh ón gComhairle;

3. á threorú dá hUachtarán an gníomh a shíniú le hUachtarán na Comhairle, i gcomhréir le hAirteagal 297(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh;

---

[2] IO C 62, 15.2.2019, lch. 51.
[3] IO C 86, 7.3.2019, lch. 365.
[4] Téacsanna arna nglacadh an 17.4.2019, P8_TA(2019)0402.

4. á threorú dá hArd-Rúnaí an gníomh a shíniú, a luaithe a fhíoraítear go bhfuil na nósanna imeachta go léir curtha i gcrích go cuí, agus, i gcomhaontú le hArd-Rúnaí na Comhairle, socrú a dhéanamh maidir lena fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*;

5. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.